Cleachtadh Tuisceana – Ár nUisce Óil a Chosaint

Gníomhaíocht le linn a bheith ag breathnú ar an scannán

- Tabhair cóip den bhileog oibre atá ar an gcéad leathanach eile do gach dalta, agus iarr ar na daltaí na 5 ceist atá ar an mbileog a fhreagairt (nó scríobh ar an gclár iad), le linn dóibh a bheith ag breathnú ar an scannán.
- Déan 6 roinn den rang. Tugtar mír amháin oibre ar an tábla thíos do gach grúpa, faoi seach (déan cóip den tábla agus gearr i stráicí é); breathnaíonn siad ar an scannán den dara huair agus ansin soláthraíonn gach grúpa freagra le tuairisciú don rang.

Grúpa 1: Déan liosta de na daoine ar fad a bhí thíos leis an éigeandáil uisce agus cur síos ar conas a cuireadh isteach orthu
Grúpa 2: Déan liosta de na riachtanais ar fad maidir le cáilíocht mhaith uisce a chinntiú sa todhchaí agus cuir in ord tábhachta iad
Grúpa 3: Déan liosta de na gníomhaireachtaí ar fad a luaitear sa ghearrthóg scannáin agus inis cad a deirtear faoi gach ceann acu
Grúpa 4: Déan liosta de na caighdeáin nó de na dlíthe a luaitear sa ghearrthóg scannáin maidir le cáilíocht uisce on water quality that are mentioned in the clip
Grúpa 5: Déan liosta de na hiarmhairtí diúltacha a fhágann forbairt ar cháilíocht an uisce, mar a luaitear sa ghearrthóg scannáin iad, ansin cuir in ord tábhachta iad nó fiosraigh tionchar na forbartha ar cheantar na ndaltaí
Grúpa 6: Déan liosta de na fadhbanna ar fad maidir le cóireáil uisce ar a bhfuil cur síos sa ghearrthóg scannáin agus aimsigh réitigh maidir leis na fadhbanna sin

Bileog Oibre - Ár nUisce Óil a Chosaint

1. Cathain a tharla an fhadhb maidir le huisce óil sa Ghaillim?

2. Cad a tharla don uisce óil sa Ghaillimh?

3. An mó duine ar chuir an fhadhb isteach orthu?

4. Cad iad na ceachtanna is féidir linn a fhoghlaim as na rudaí a tharla sa Ghaillimh?

5. Cad iad na hathruithe a rinneadh ar an gcóras cóireála uisce sa Ghaillimh chun cáilíocht an uisce a fheabhsú?